An Painéal Saoránach Eorpach um Shoghluaisteacht Foghlama

Seisiún 1 – Tuarascáil Achomair

03/03 – 05/03/2023

1. Forbhreathnú

An Painéal Saoránach Eorpach um Shoghluaisteacht Foghlama, is painéal é ar a bhfuil 150 saoránach a roghnaíodh go randamach, agus a thagann le chéile le haghaidh trí sheisiún. Bhí an chéad seisiún ar siúl ón 3-5 Márta 2023 sa Bhruiséil agus chuir sé an t-ábhar chomh maith le comhthéacs an phainéil i láthair. Chuir saoránaigh aithne ar a chéile agus d'fhoghlaim siad faoi rialacha maidir le pléití cuiditheacha. Thug siad faoi thuiscint níos doimhne ansin a thabhairt ar na spriocghrúpaí le haghaidh soghluaisteacht foghlama mhéadaithe san Eoraip, agus ar na dúshláin a bhaineann leis an sprioc sin a bhaint amach. Chabhraigh ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus cainteoirí seachtracha le saoránaigh tuiscint níos fearr a fháil ar na cláir agus ar roinnt de na dúshláin a bhaineann le deiseanna soghluaisteachta foghlama a chur ar fáil do chách. Ba é aidhm an chéad seisiúin eispéiris phearsanta le soghluaisteacht foghlama a roinnt agus a mhapáil, spriocghrúpaí a shainiú agus bacainní ar ghníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a shainaithint, ar bacainní iad a mheasann na saoránaigh a bheith ábhartha le haghaidh tuilleadh plé sna seisiúin atá le teacht.

Roimh an seisiún, reáchtáladh suirbhé chun forbhreathnú a fháil ar an taithí a fuarthas roimhe seo leis an tsoghluaisteacht foghlama agus gan an tsoghluaisteacht foghlama i measc shaoránaigh an phainéil. Ghlac 97 bhfreagróir páirt sa suirbhé, agus ina measc bhí 47 saoránach (48.5 %) tar éis taithí a fháil ar an tsoghluaisteacht foghlama agus ní raibh 50 saoránach (51.5 %) rannpháirteach i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama go dtí seo.

Lá 1 (Dé hAoine)

Dé hAoine, chuir na príomh-mhodhnóirí agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún Eorpaigh fáilte roimh na saoránaigh, ba iad sin: Mariya Gabriel, an Coimisinéir um Nuálaíocht, Taighde, Cultúr, Oideachas agus um an Óige, agus Pia Ahrenkilde Hansen, Ard-Stiúrthóir na Cumarsáide. Leag siad béim ar a thábhachtaí atá an Painéal Saoránach agus físeanna an Aontais le haghaidh earnáil an oideachais agus na hoiliúna. Thug na príomh-mhodhnóirí léargas do na saoránaigh ar chlár oibre sheisiúin 1 chomh maith leis na seisiúin atá le teacht. Tar éis roinnt cluichí chun an comhrá a spreagadh, thug Jutta König-Georgiades, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Coimisiún Eorpach, forléargas gairid ar chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an bpróiseas cinnteoireachta agus reachtach chun na saoránaigh a ullmhú tuilleadh do na pléití a bhí le teacht. Ansin, chuir Ute Haller-Block, Ceann Aonaid, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, an Coimisiún Eorpach, ábhar an phainéil in iúl go mionsonrach. Rinneadh iniúchadh breise ar shoghluaisteacht foghlama ó thaobh an taithí a bhí ag na saoránaigh féin leis an bhfoghlaim agus leis an oiliúint ina dtír féin agus ar an gcoigríoch, chomh maith leis na 'deiseanna a chaill siad' maidir le soghluaisteacht foghlama agus deiseanna ar bith a roghnaigh siad a ligean uathu. Iarradh ar shaoránaigh a *post-its* i dtrí dhath a chur ar léarscáil na hEorpa chun íomhá amhairc dá n-eispéiris foghlama ina dtír féin agus ar an gcoigríoch a chur ar fáil, agus ba iad na postálacha/taithí sin an bunús ina dhiaidh sin d'ionchur chomhaltaí an choiste eolais agus daoine acmhainne, ar iarradh orthu trácht a dhéanamh ar eispéiris aonair ar an stáitse agus cur lena dtaithí féin, agus a n-ionchur níos ginearálta féin a thabhairt maidir leis na cineálacha éagsúla soghluaisteachta foghlama: an tsoghluaisteacht scoile, soghluaisteacht óige, gairmoideachas agus gairmoiliúint ar an gcoigríoch, soghluaisteacht aosach, agus soghluaisteacht mac léinn.

Lá 2 (Dé Sathairn)

Dé Sathairn, d'oibrigh na saoránaigh i 12 mheitheal chomhthreomhara a ndearnadh ateangaireacht chomhuaineach orthu agus a ndearna áisitheoirí cleachta éascaíocht dóibh. Chruthaigh na grúpaí an t-ábhar a chuir siad le chéile i scarbhileoga ilteangacha a bhí idirnasctha le grúpaí eile. Roinn na saoránaigh an taithí a fuarthas roimhe seo agus an taithí reatha ar an tsoghluaisteacht foghlama ar dtús agus rinne siad machnamh ar shainmhíniú agus ar chineálacha éagsúla soghluaisteachta

foghlama. Ina dhiaidh seo, phléigh grúpaí spriocghrúpaí le haghaidh soghluaisteacht foghlama agus d'fhorbair siad pearsantachtaí le béim ar charachtair a d'fhéadfadh leas níos mó a bhaint as soghluaisteacht foghlama mhéadaithe. D'fhorbair gach grúpa 2-6 phearsantacht mar ionadaí ar na spriocghrúpaí sin. Baineadh úsáid as na pearsantachtaí chun dúshláin agus constaicí a chumadh do phríomh-spriocghrúpaí. Dhírigh na grúpaí ar dhúshláin agus ar chonstaicí a phlé, ach labhair siad freisin faoi threochtaí amach anseo agus faoi fhorbairtí sochaíocha agus nuálaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an tsoghluaisteacht foghlama, agus ina theannta sin chuir siad tús leis an bplé ar réitigh fhéideartha agus ar chumasóirí comhfhreagracha. I rith an lae, bhí an deis ag saoránaigh ceisteanna a chur ar shaineolaithe sa 'Lárionad Eolais agus Faisnéise' (LEF). Tar éis do na saoránaigh a gcuid oibre a chríochnú Dé Sathairn, rinne comhaltaí an Choiste Eolais agus saineolaithe eile ar an láthair, in éineacht le baill den Fhoireann Díospóireachta, an t-iomlán de 54 phearsantacht a forbraíodh sna meithleacha a bhraisliú, rud a d'fhág go raibh 12 bhraisle ar leith de phearsantachtaí ag teacht chun cinn

Lá 3 (Dé Domhnaigh)

Ar maidin Domhnaigh, fuair rannpháirtithe braisle amháin pearsantachta (bhí 2-7 bpearsantacht ann in aghaidh an bhraisle). Rinne an clár intleachta saorga DALL-E pictiúr próifíle a ghineadh le haghaidh gach pearsantacht, pictiúr a bhí bunaithe ar na tuairiscí déimeagrafacha a rinne na grúpaí. Mar chéim deiridh, rinneadh na meithleacha achoimre ar a gcuid torthaí agus rinneadh siad na dúshláin agus na bacainní trasearnálacha le haghaidh na bpearsantachtaí a sannadh dóibh a shainaithint. D'ullmhaigh na saoránaigh iad féin freisin do sheisiún 2 agus bhailigh siad ceisteanna agus ábhar ionchuir a bheadh riachtanach don chéad seisiún eile. Sa seisiún iomlánach deiridh, léirigh urlabhraithe ón 12 mheitheal na constaicí móra atá ann maidir leis an tsoghluaisteacht foghlama, agus rinne an t-urlabhraí agus an príomh-mhodhnóir iad a bhailiú le chéile ar chlár oibre. Tar éis na gcur i láthair, thug saineolaithe tuairimí agus barúlacha ar obair an phainéil agus ar na cuir i láthair. Richard Kühnel, Stiúrthóir, Ionadaíocht agus Cumarsáid sna Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, dúirt sé an focal scoir agus d'fhág sé slán ag an bpainéal.

2. Torthaí an tseisiúin

Dé Domhnaigh, shainaithin na saoránaigh 2-3 dhúshlán agus chonstaic os comhair an tsoghluaisteacht foghlama in aghaidh na Meithle. Is é an toradh a bhí air sin 35 dhúshlán agus constaic ar an iomlán, cé go raibh forluí suntasach ann. Go ginearálta, baineann na dúshláin le heaspa rochtana agus faisnéise, le saincheisteanna airgeadais agus eacnamaíocha, le bacainní teanga, le tosca sóisialta agus cultúrtha, chomh maith le bacainní pearsanta agus síceolaíocha.

3. Liosta na gcainteoirí agus na saineolaithe lena mbaineann

Le linn an chéad seisiúin, bhí na saineolaithe seo a leanas rannpháirteach mar chainteoirí sa seisiún iomlánach agus mar chomhaltaí den Lárionad Eolais agus Faisnéise, inar fhreagair siad ceisteanna na saoránach:

Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (cainteoirí):

- **Jutta König-Georgiades**, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
- **Ute Haller-Block**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr

Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (comhaltaí Lárionad Eolais agus Faisnéise):

- **Fabienne Metayer**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Giedrius Sudikas**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Marta Guitierrez Benet**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Svava B. Finsen**, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Johannes Gehringer**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Jacqueline Pacaud**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Christian Mackeprang Bruhn**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Kinga Szebeni,** An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

Saineolaithe seachtracha (cainteoirí agus comhaltaí Lárionad Eolais agus Faisnéise):

- **Beatriz Tourón Torrado**, Comhairleoir Oideachais, Aireacht Ollscoileanna, Gníomhaireacht Náisiúnta na Spáinne le haghaidh Erasmus+ (SEPIE)
- **Mika Saarinen ,**Stiúrthóir, Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne le haghaidh Erasmus+ (EDUFI)
- **Juan Rayón González ,** Uachtarán, Líonra Mac Léinn Erasmus
- **Gina Ebner**, Ard-Rúnaí, Comhlachas Eorpach i ndáil le hOideachas a chur ar Dhaoine Fásta
- **Ismael Páez Civico,** Fóram Eorpach na nÓg

4. Clár oibre gearr

Dé hAoine, 03/03	**Seisiún Iomlánach**
14:30 – 15:00	**Focail fháiltithe agus óráidí tosaigh ó:** • Mariya Gabriel, An Coimisinéir um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige • Pia Ahrenkilde Hansen, Ard-Stiúrthóir Cumarsáide
15:00 – 15:40	**Tús eolais maidir leis an bPainéal Saoránach: cén fáth a bhfuil muid anseo?**
15:40 – 15:55	*Grianghraf den ghrúpa*
15:55 – 16:15	**Cur i láthair ar thopaic I an Phainéil** (machnamh a dhéanamh ar do thaithí féin)
16:15 – 16:45	*Sos Caife*
16:45 – 18:30	**Cur i láthair ar thopaic II an Phainéil** (taithí a roinnt agus plé painéil)
Dé Sathairn, 04/03	**Meithleacha**
9:30 – 11:00	**Aithne a chur ar a chéile maidir le: luachanna agus taithí na soghluaisteachta foghlama**
11:00 – 11:30	*Sos Caife*
11:30 – 13:00	**An tSoghluaisteacht foghlama do chách: spriocghrúpaí a shainaithint**
13:00 – 14:30	*Sos Lóin*

14:30 – 16:15	**Na dúshláin agus na constaicí atá ann faoi láthair a shainaithint**
16:15 – 16:45	*Sos Caife*
16:45 – 18:00	**Treochtaí sa todhchaí a fhiosrú**
Dé Domhnaigh, 05/03	**Meithleacha agus Seisiún Iomlánach**
9:30 – 11:00	**Meithleacha: ullmhú don seisiún iomlánach agus ceisteanna a bhailiú**
11:00 – 12:00	*Sos Caife agus aistriú na ngrúpaí go Charlemagne*
12:00 – 13.20	**Seisiún Iomlánach: Cur i láthair ó na grúpaí, tuairimí agus plé ar na ceisteanna agus freagraí**
13:20 – 13:40	**Clabhsúr agus eolas faoi na chéad seisiúin eile**

5. Taifid ar na seisiúin iomlánacha

03.03.2023, 14:30-18:30 Am Lár na hEorpa, Seisiún iomlánach: https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-learning-mobility-session-1-20230303
05.03.2023, 12:00-13:40 Am Lár na hEorpa, Seisiún iomlánach: https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-learning-mobility-session-1-20230305